Bus Éireann

# Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2006









PRN. A7/0349

# Clár




Rinne Bus Éireann infheistíocht de €16 milliún chun an flít a uasghrádú i 2006


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú Oibríochta | 3 |
| Stiúrthóirí agus Eolas Eile | 12 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 13 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 16 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 17 |
| Príomhpholasaithe Cuntasaíochta | 19 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 21 |
| Clár Comhardaithe | 22 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 23 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 24 |



Ba mhaith le Bus Éireann aitheantas a thabhairt do mhaoiniú ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 ar mhórthionscadail chomh maith le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Dearadh:** First Impression

# Athbhreithniú Oibríochta





Léaráid den stáisiún bus nua atá go hiomlán inrochtaine i dTrá Lí, Co. Chiarraí

## Feidhmíocht Airgeadais

**Taifeadadh barrachas de €2.3 milliún, sroicheann Ioncam €265 milliún, leibhéal nár sroicheadh riamh cheana**

D'fheidhmigh Bus Éireann go láidir sa bhliain 2006, rud a léirigh an fás leanúnach atá á dhéanamh le blianta beaga anuas.

Taifeadadh barrachas de €2.3 milliún chomh maith le hardú in ioncam go €265 milliún ó €241 milliún sa bhliain 2005. Tá ioncam ag ardú go comhsheasmhach le blianta beaga anuas.




### Athrú Mór Airgeadais Bainte Amach

Tá feidhmíocht airgeadais na cuideachta athraithe go mór ón mbliain 2002 nuair a bhí caillteanais de €9.4 milliún á dtaifeadadh.

Baineadh an seasamh brabúsach airgeadais reatha amach trí rialuithe airgeadais láidre agus trí chleachtais oibre níos éifeachtúla a thabhairt isteach ag tráth ar leanadh lena raon seirbhísí a leathnú, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta agus ar an gcuideachta déileáil leis an bhfadhb a bhaineann le plódú tráchta, fadhb atá ag dul i méid.

### Fóirdheontas

*An Leibhéal Fóirdheontais*

Fuair Bus Éireann fóirdheontas €26.4 milliún ón Stát mar íocaíocht dá Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) sa bhliain 2006. Is ionann é sin agus 9% de chostais oibríochta. Tá sé seo ar cheann de na leibhéil fhóirdheontais is ísle a tugadh do chuideachta bus phoiblí de chuid na hEorpa agus ní chlúdaíonn sé an costas iomlán a bhaineann le seirbhísí sóisialta den sórt sin a chur ar fáil. Chuir Córas Iompair Éireann €4 milliún den méid a bhí in easnamh ar fáil le fóirdheontas breise agus chuir Bus Éireann €5 milliún dá chuid cistí féin ar fáil a cruthaíodh le gníomhaíochtaí tráchtála eile.

Tá meamram tuisceana maidir le leibhéil seirbhíse agus spriocanna don bhliain 2006, lena n-áirítear an leibhéal tacaíochta ón stát, ag Bus Éireann agus an Roinn Iompair. Sháraigh an chuideachta na spriocanna feidhmíochta go léir a leagadh amach sa mheamram sin.

### Ranníocóir leis an Státchiste

Is ranníocóir mór leis an Státchiste é an chuideachta trí ranníocaíochtaí CBL, IMAT agus ÁSPC, arb ionann iad agus €28 milliún sa bhliain 2006.

*Mórfhostóir*

Is mórfhostóir náisiúnta é Bus Éireann le fórsa saothair de 2,756.

Tá 1,355 soláthróir breise ar conradh chun seirbhísí a chur ar fáil, go príomha don Scéim Iompair Scoile. Cruthaíonn ár ngníomhaíochtaí gnó fostaíocht do dhaoine freisin i go leor réimsí eile a sholáthraíonn seirbhísí agus earraí do Bhus Éireann.




## Díriú ar Chustaiméirí

### Líon na gCustaiméirí ag 92 milliún

Bhí líon chustaiméirí Bhus Éireann ag 92 milliún sa bhliain 2006, líon a bhí beagán níos ísle ná an leibhéal de 93 milliún custaiméir, líon nach raibh ann riamh cheana, a bhí ann sa bhliain 2005. D'eascair an t-ísliú seo as athruithe i gcúrsaí déimeagrafaice mar go raibh líon níos lú daltaí ag freastal ar Scoileann a chlúdaítear leis an Scéim Iompair Scoile. D'ardaigh an líon custaiméirí a bhíonn ag taisteal ar sheirbhísí sceidealta go 50 milliún, rud a léiríonn meánardú de 1% ar 2005.

| | **2006 Mílte** | 2005 Mílte | Athrú i gCéatadán |
|---|---|---|---|
| **Turais Chustaiméirí** | | | |
| Seirbhísí Chathracha Cúige | **21,940** | 21,574 | 2% |
| Seirbhísí sceidealta eile | **27,783** | 27,467 | 1% |
| An Scéim Iompair Scoile | **42,367** | 43,596 | -3% |
| Iomlán | **92,090** | 92,637 | -1% |

Mar a léirítear sa tábla thíos, d'oibrigh an chuideachta líon iomlán de 157.51 milliún ciliméadar feithicle sa bhliain 2006, ardú 4.2 milliún ciliméadar feithicle ar 2005.

| | **2006 Mílte** | 2005 Mílte | Athrú i gCéatadán |
|---|---|---|---|
| **Ciliméadair fheithicle** | | | |
| Seirbhísí Chathracha Cúige | **8,317** | 8,236 | 1% |
| Seirbhísí eile – dár gcuid féin | **83,401** | 83,074 | 0% |
| Seirbhísí eile – ar fhochonradh | **65,791** | 61,960 | 6% |
| Iomlán | **157,509** | 153,270 | 3% |

### Ardú Comhsheasmhach Cúig Bliana i gCustaiméirí

Tá ardú bainte amach ag Bus Éireann le cúig bliana anuas maidir le líon na gcustaiméirí ar bhealaí fada mar aon le bealaí comaitéirí chomh maith lena sheirbhísí cathrach. Tá ardú de bheagnach 11% taifeadta maidir le líon na dturas custaiméirí ar luasbhealaí agus ar bhealaí comaitéirí agus ardú 5% ar sheirbhísí cathrach ón mbliain 2002. Tá líon na gcustaiméirí ardaithe 23% ó rinneadh seirbhísí a uasghrádú sa bhliain 2000 tar éis infheistíocht NDP a fháil.


| | **2006 Mílte** | 2002 Mílte | Méadú | Méadú mar % |
|---|---|---|---|---|
| **Turais Chustaiméirí** | | | | |
| Seirbhísí Chathracha Cúige | **21,940** | 20,954 | 986 | 5% |
| Seirbhísí sceidealta eile | **27,783** | 25,104 | 2,679 | 11% |
| An Scéim Iompair Scoile | **42,367** | 43,300 | -933 | -2% |
| | **92,090** | 89,358 | 2,732 | 3% |
| **Ciliméadair fheithicle** | | | | |
| Seirbhísí Chathracha Cúige | **8,317** | 7,745 | 572 | 7% |
| Seirbhísí eile – dár gcuid féin | **83,401** | 71,931 | 11,470 | 16% |
| Seirbhísí eile – ar fhochonradh | **65,791** | 56,311 | 9,480 | 17% |
| | **157,509** | 135,987 | 21,522 | 16% |

Is léiriú é an t-ardú sna ciliméadair fheithicle ar na hacmhainní breise a socraíodh chun tacú le leibhéil ardaithe seirbhísí chun freastal ar líon níos mó custaiméirí. Bhí seirbhísí breise ag teastáil freisin lena chinntiú go ndéanfaí na seirbhísí a bhí ann cheana a chothabháil mar gheall ar an drochthionchar a bhaineann le leibhéil phlódú tráchta atá ag éirí níos measa.



Amharc ón aer ar Bhusáras san oíche


## Turais Chustaiméirí Fhoriomlána




*Rátaí Sástachta Fós Ard i measc Chustaiméirí*

Rinneadh an seachtú iniúchadh neamhspleách ar thiomantais a thugtar i gcairt chustaiméirí Bhus Éireann sa bhliain 2006. San iniúchadh sin, déantar sástacht chustaiméirí a rátáil in aghaidh raon tiomantas feidhmíochta a thugtar sa chairt chustaiméirí.

## Sástacht Fhoriomlán Custaiméirí




Mar a léirítear sa tábla thuas, tá leibhéal sástachta na gcustaiméirí ag ardú go seasta gach bliain. Taifeadadh leibhéal foriomlán de 86% maidir le sástacht chustaiméirí sa bhliain 2006 agus d'ardaigh leibhéil sástachta i dtéarmaí poncúlachta, sábháilteachta agus compoird ar bhusanna, cairdis na dtiománaithe, glaineachta na stáisiún, ama a chaitear i scuainí agus i dtéarmaí rochtaine ar eolas.

## Seirbhísí Nua do Chustaiméirí

Tugadh isteach raon seirbhísí feabhsaithe agus nuálaíocha do chustaiméirí sa bhliain 2006, mar fhreagra ar an éileamh atá ag méadú síneadh a chur le huaire oibríochta maidir le hiompar poiblí.

Áirítear ar na buaicphointí:

### An tseirbhís nua cóiste 24 uair an chloig ar bhealach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste

Rinneadh seirbhís 24 uair an chloig de bhealach Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste sa bhliain 2006 chun seirbhís a chur ar fáil don éileamh atá ag méadú ar iompar lagthréimhse ar an mbealach seo atá ag éirí níos gnóthaí agus trí Aerfort Bhaile Átha Cliath go háirithe.

Oibríonn seirbhísí ar an uair gach uair an chloig sa dá threo ó 05.00 go 21.00 agus gach dhá uair an chloig ina dhiaidh sin, rud a chuireann ar chumas custaiméirí taisteal de ló is d'oíche.

Freastalaíonn gach cóiste ar Aerfort Bhaile Átha Cliath. Freastalaítear ar Dhroichead Átha, Dún Dealgan, An tIúr, Droichead na Banna, Droim Mór, Cromghlinn agus Sprucefield freisin ag amanna áirithe. Oibrítear an tseirbhís nua cóiste 24 uair an chloig i gcomhar le Translink, soláthróir iompair phoiblí Thuaisceart Éireann.

### Seirbhísí Dhún na nGall agus Shligigh

Cuireadh síneadh, go rathúil, leis an tseirbhís Nightrider lasmuigh de Limistéar Comaitéara Bhaile Átha Cliath don chéad uair i rith na bliana.

Cuireadh seirbhísí ar fáil go déanach san oíche ag an deireadh seachtaine i rith thréimhse na Nollag 2006 i nDún na nGall agus i Sligeach.

Bhí éileamh mór ag custaiméirí ar an tseirbhís agus cuireadh síneadh leis na seirbhísí le go n-oibreoidh siad Dé hAoine agus Dé Satharn i rith na bliana.

Oibríonn an tseirbhís Nightrider idir Leitir Ceanainn agus Bealach Féich i nDún na nGall. Ceanglaítear Sligeach leis An Leathros, An Ros, Baile Easa Dara agus Cúil Mhuine le seirbhís Nightrider Shligigh.




An Dr. John Lynch (ar dheis), Cathaoirleach CIÉ, Lorenz Zimmerman, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Siemens Ireland.

D'fhógair Bus Éireann ardú caoga faoin gcéad i leibhéal na minicíochta ar bhealach Leitir Ceanainn/Bhaile Átha Cliath trí Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2006. Leis an amchlár nua, tugtar rogha de naoi seirbhís cóiste sa dá threo in aghaidh an lae do chustaiméirí a bhíonn ag taisteal go Baile Átha Cliath agus go hAerfort Bhaile Átha Cliath. Tá an tseirbhís sioncronaithe le comhsheirbhís Translink/Bhus Éireann ó Dhoire go Baile Átha Cliath, chun minicíocht de réir na huaire ó áiteanna idir An Srath Bán agus Baile Átha Cliath a chur ar fáil.

I mí na Samhna 2005, chuir Bus Éireann, i gcomhar le hoibreoir áitiúil bhusanna príobháideacha, McGeehan Coaches, amchlár comhthaite i bhfeidhm ar bhealach Dhún na nGall/Bhaile Átha Cliath, a raibh seirbhís cóiste níos fearr mar thoradh air do mhuintir Dhún na nGall Thiar agus Theas.

### Limistéar Comaitéara Bhaile Átha Cliath

Leathnaíodh seirbhísí comaitéara i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath tuilleadh sa bhliain 2006 chun freastal ar éileamh atá ag méadú agus cuireadh feithiclí breise ar fáil ag buaicthréimshsí lena chinntiú go n-iomprófaí na custaiméirí go léir.

Rinneadh na príomhfheabhsuithe seirbhíse i limistéar comaitéara Bhaile Átha Cliath ar na bealaí seo a leanas:

Droichead Átha trí Bhaile Brigín & Aerfort Bhaile Átha Cliath go Baile Átha Cliath

Dún Dealgan – Droichead Átha – Aerfort Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath trí Mhótarbhealach M1 Dhroichead Átha – Baile an Ghearlánaigh – Dún Léire – Droichead Átha

Cuireadh síneadh chomh maith le seirbhís Nightrider An Náis/An Droichid Nua.

Cuireadh seirbhís nua luath-maidine ar fáil freisin ó Éadan Doire go Baile Átha Cliath.

### Feabhsúcháin Seirbhíse i Limistéar Chorcaí

Síneadh Bealach Cathrach Uimh. 5 chuig Stáisiún Kent in Eanáir na bliana 2006 agus oibríonn na 55 seirbhís a bhíonn ann in aghaidh an lae idir CIT/Lár na Cathrach agus Stáisiún Kent anois. Ciallaíonn sé sin go bhfuil seirbhís bus ardmhinicíochta ar fáil ag Stáisiún Kent mar éascaíocht do dhaoine a bhíonn ag taisteal chuig agus ó Lár na Cathrach, UCC, CIT, FÁS agus mar sin de.

Tugadh seirbhís nua isteach i mí Dheireadh Fómhair 2006 a nascann An Teampall Geal le Cathair Chorcaí 6 uaire sa ló.

Tugadh seirbhísí breise isteach ar na bealaí seo a leanas:

- Cloghroe/An Bhlarna go Corcaigh
- Baile Mhitséala/Mainistir Fhear Maí go Corcaigh
- Cionn tSáile go Corcaigh
- Baile na Cora/Mainistir na Corann go Corcaigh

### Limistéar Comaitéara Luimnigh

- Tugadh seirbhís nua luath-maidine isteach ó Inis go Gaillimh.
- Tugadh seirbhís ar feadh na bliana isteach ón nGleann go Luimneach.

### Limistéar na Gaillimhe

- Tugadh seirbhís Domhnaigh isteach ó Ghaillimh go Dabhach Uisce.

## Tionscnaimh Táillí

Reáchtáladh roinnt tionscnamh táillí mealltach sa bhliain 2006. Reáchtáladh tionscnamh €10 ar tháillí náisiúnta ar éirigh go maith leis i mí Feabhra agus ina dhiaidh sin bhí margaí taistil ar fáil do bhealaí Bhaile Átha Cliath/Bhéal Feirste, Bhaile Átha Cliath/Dhún Dealgan, Bhaile Átha Cliath/Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Cliath/Luimnigh.

I gCorcaigh, cuireadh margaí ar fáil ar na bealaí seo a leanas: Corcaigh/Baile Átha Cliath, Corcaigh/Port Láirge agus Corcaigh/Luimneach. Cuireadh naiscbhusanna ar fáil saor in aisce go hAerfort Chorcaí do phaisinéirí a bhí ag taisteal go Corcaigh ar Sheirbhísí Luasbhealaigh.

I nGaillimh, cuireadh tionscnaimh táillí ar fáil ar bhealach na Gaillimhe/Bhaile Átha Cliath agus ar bhealach na Gaillimhe/Luimnigh/Chorcaí.




Na grúpaí a raibh an bua acu i nGradaim Pobail Luimnigh Bhus Éireann.

## Imeachtaí Speisialta

### Corn Ryder

I mí na Nollag 2005, d'éirigh le Bus Éireann conradh eisiach a bhaint amach chun iompar agus loighistic a bhainistiú do Chorn Ryder, a tharla in Éirinn i Meán Fómhair na bliana 2006. Mhaoirsigh Bus Éireann an soláthar iompair do 40,000 cuairteoir ar an láthair ag an K Club gach lá den imeacht a mhair sé lá.

Úsáideadh tuairim is 300 cóiste a bhí ann go sonrach don ócáid chun seirbhísí a chur ar fáil d'aíonna chomh maith le seirbhís fhorleathan Loc agus Taisteal a chuir Bus Átha Cliath ar fáil agus traenacha speisialta a d'oibrigh Iarnród Éireann. Ina theannta sin, bhí seirbhís tointeála tiomanta ar fáil do phearsanra na meán idirnáisiúnta. In ainneoin na drochaimsire a bhí ann roinnt laethanta i rith an imeachta, d'oibrigh na socruithe iompair amach mar a bhí beartaithe agus gan aon fhabhbanna. Thug roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear eagraíochtaí Chorn Ryder agus na meáin tríd is tríd, moladh faoi leith don chaoi ar láimhseáladh na socruithe iompair.

### Craobhchomórtais Snámha an Domhain Shiondróm Down

D'oibrigh an chuideachta na cóistí go léir a theastaigh le haghaidh an imeachta seo i Meán Fómhair na bliana 2006 a bhí ar siúl in Ollscoil Luimnigh.

### Plódú tráchta agus Infrastruchtúr

Is ábhar mór imní don chuideachta é an plódú tráchta atá ag éirí níos measa agus ar an tionchar a bhíonn aige sin ar chostais agus ar iontaofacht.

Tá deacracht mhór ag an gcuideachta maidir leis sin agus mar thoradh air sin bíonn ar an gcuideachta leas a bhaint as achmhainní breise chun seirbhísí atá ann cheana féin a chothabháil.

Tá drochthionchar i gcónaí ag plódú tráchta ar iontaofacht sheirbhísí Bhus Éireann, go háirithe ag buaicthréimhsí. Léiríodh i staidéar le gairid gur chosain plódú tráchta €22.6m ar an gcuideachta sa bhliain 2006, leibhéal airgid nár chosain plódú tráchta ar an gcuideachta riamh cheana. Tá sé sin mar thoradh ar an sruth tráchta agus meánluaseanna atá i bhfad níos measa ná mar atá i gcathracha agus i mbailte inchomparáide eile san Eoraip.

Tá Bus Éireann ag tacú le fada an lá le lánaí bus agus bearta tosaíochta bus a thabhairt isteach i gcathracha agus i mbailte ar fud na hÉireann chun dul i ngleic le plódú tráchta. Bheadh an t-achar a thógfadh turais níos giorra dá ndéanfaí spás ar bhóithre d'iompar poiblí agus leis sin, bheadh iompar poiblí níos tarraingtí do dhaoine. Mar thoradh air sin ansin, laghdófaí líon na gcaranna príobháideacha ar an mbóthar agus leis sin, bheadh coinníollacha ginearálta tráchta níos fearr agus laghdófaí astuithe.

Tá teagmháil idir Bus Éireaann agus bainisteoirí na n-údarás áitiúil i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, i bPort Láirge agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath chun bearta tosaíochta a phleanáil agus a chur chun cinn. Tá an poitéinseal maidir le crua-ghruanna a oscailt agus iad a úsáid mar lánaí bus nuair is féidir á chur chun cinn ag an gcuideachta chomh maith.

Is mian leis an gCuideachta an t-ábhar a chur chun cinn i rith 2007.

## Bearta Tosaíochta Bus

Tá sé ríthábhachtach maidir le seirbhís éifeachtúil atá éifeachtach ó thaobh costais agus atá dírithe ar fhreastal a dhéanamh ar riachtanais chustaiméirí a chur ar fáil go dtabharfaí isteach bearta tosaíochta bus.

Tá bearta mar Bhealaí Glasa agus Conairí Ardchaighdeáin Bus ríthábhachtach chun an bus a dheighilt ó thranglam tráchta agus chun iontaofacht agus tarraingteacht iompair phoiblí a dhéanamh níos fearr. Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas agus bearta tosaíochta bus á bhforbairt sna príomhchathracha sa bhliain 2006:

I gCorcaigh, beartaíodh, i bPlean Straitéiseach Limistéar Chorcaí (CASP) 9 'Bealach Glas' a bhunú agus tá ceithre cinn díobh sin curtha i bhfeidhm go dtí seo. An Ghráinseach/Frankfield go dtí Lár na Cathrach (Bealach Uimh. 6); Curraichín go dtí Lár na Cathrach (Bealach Uimh. 8); Baile na mBocht go dtí Lár na Cathrach (Bealach Uimh.



Feachtas teilifíse ag cur úsáid chriosanna sábháilteachta ar bhusanna scoile chun cinn.

8) agus an tAerfort go dtí Lár na Cathrach (Bealaí 226/249). Cuireadh tús le dhá bhealach eile a thógáil sa bhliain 2006 – Baile an Chollaigh go dtí Lár na Cathrach agus Cnoc na hAoine/Garrán na mBráthar go dtí Lár na Cathrach.

I Luimneach, chuir Comhairle Chontae Luimnigh cuid de Bhealach Glas a shíneann ó thimpeallán an Ráithín go dtí ionad siopadóireachta an Crescent i gcrích sa bhliain 2006. Tá an Chomhairle ag obair faoi láthair ar bhealach glas eile a thógáil a shínfidh ó thimpeallán Uí Cuanach go dtí Ivans ar Bhóthar Inse. Tá fáilte mhór roimh na dtionscnamh seo go deimhin ós rud é go bhfuil drochphlódú trachta ag cur as dár seirbhísí i Luimneach. Tá se tábhachtach maidir lenár seirbhísí a oibriú go ndéanfaí na seirbhísí seo a shíneadh tuilleadh chuig limistéar Chathair Luimnigh.

I nGaillimh, cuireadh 2km breise de lána bus ar bhóthar Bhaile Átha Cliath i gcrích i 2006 agus moltar bearta breise tosaíochta bus i Staidéar Straitéise Bus na Gaillimhe, a cuireadh i gcrích i 2006.

Fáiltítear go mór roimh thionscnaimh mar bhealaí Glasa, arna maoiniú ag an Roinn Iompair faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, agus tá an chuideachta ag súil tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo sna cathracha go léir, lena n-áirítear Baile Átha Cliath, sa bhliain 2007.

## Teicneolaíocht

Tá meaisíní díola ticéad á n-oibriú i mBusáras agus i stáisiún bus Phlás Parnell i gCorcaigh. Tá tóir ag custaiméirí orthu mar go bhfaigheann siad tapa agus éasca le húsáid iad. Déanfar meaisíní breise a leathadh amach sa bhliain 2007.

Tá forbairt chóras uathoibríoch aimsithe feithiclí (AVL) á leathadh amach. Rinneadh dul chun cinn mór leis sin sa bhliain 2006 mar a leagtar amach thíos.

1 Bailíodh faisnéis GPS maidir le breis agus 2,000 stad bus atá lonnaithe ar fud na tíre. Teastaíonn an fhaisnéis seo le go bhfeidhmeoidh an Córas AVL i gceart.

2. Chuir príomhoibreoir líonra réiteach líonra soghluaiste ar bun don tionscadal AVL.

3. Suiteáladh líonra gan sreang i stáisiún bus Busárais agus in áras na Cloiche Leithne. Is féidir go leor sonraí a íoslódáil gan sreang chuig agus ó bhusanna tríd an líonra seo a úsáid.

4. Suiteáladh an córas AVL ar bheagnach 150 bus. Bhí córas guthchumarsáide, scáileán chun idirghníomhú leis an gcóras agus ríomhaire ar bord chun an córas a rith san áireamh ar chuid den phríomhthrealamh a suiteáladh.

Is bliain thábhachtach a bheidh i 2007 maidir leis an gcóras AVL agus déanfar an córas a leathadh amach chuig suímh eile, suiteálfar an trealamh AVL ar na busanna atá fágtha agus cuirfear sonraí fíor-ama ar fáil don phobal.

## Inrochtaineacht

Rinneadh obair athchóirithe i raon stáisiún bus sa bhliain 2006 le go mbeadh rochtain níos fearr ann do chustaiméirí agus do bhaill foirne a bhíonn faoi bhac gluaisteachta. Mhaoinigh rialtas na hÉireann na tionscadail sin faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Ba iad stáisiúin Thrá Lí, Inse agus Leitir Ceanainn a bhain leas as na Tionscadail Inrochtaineachta.

## Iompar Scoile

D'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta, an 27 Iúil 2005, raon beart arna gcomhaontú ag an Rialtas chun gach seirbhís faoin Scéim Iompair Scoile a chur ar fáil ar bhonn linbh amháin in aghaidh an tsuíocháin do dhuine fásta. Bhí criosanna sábháilteachta le suiteáil freisin ar na busanna scoile go léir faoi dheireadh na bliana 2006.

Rinne Bus Éireann dianobair leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i rith 2006 chun na bearta seo a sheachadadh ar bhonn náisiúnta go rathúil agus go héifeachtúil agus gan chur isteach ar sheirbhísí. Forbraíodh sainchláir lena chinntiú, ar an gcéad dul síos, lena chinntiú gur suiteáladh criosanna sábháilteachta ar na busanna scoile go léir sa chóras, lena n-áirítear na busanna go léir ar fhochonradh, agus ar an dara dul síos, go ndéanfaí a seiceáil ar chomhlíon na criosanna sábháilteachta sin na caighdeáin sábháilteachta chuí.



Custaiméirí i Stáisiún Bus Shligigh a athchóiríodh le déanaí

Is ionann na feabhsúcháin sin agus athrú mór sa tslí a ndéantar seirbhísí bus scoile a sheachadadh in Éirinn.

Tugadh raon leathan de thionscnaimh thábhachtacha sa bhliain 2006 chun cur le caighdeán agus sábháilteacht na Scéime Iompair Scoile:

### Cóiríocht 'Duine amháin i Suíochán Amháin'

Chun cóiríocht dhóthanach a chur ar fáil san idirthréimhse ó thriúr leanaí i suíochán do bheirt daoine fásta go leanbh amháin is suíochán do dhuine fásta amháin, scrúdaigh Bus Éireann na mílte bealach scoile aonair bealach ar bhealach leis an modh is éifeachtúla a chinneadh maidir leis an gcóiríocht bhreise suí a bhí ag teastáil a chruthú.

Trí dhul i mbun athbhreithnithe líonra ar na seirbhísí bus scoile go léir, coinníodh líon na mbusanna breise a theastaigh chomh híseal agus ab fhéidir. Tugadh isteach tuairim is 300 bus breise de chuid conraitheoirí eile faoi dheireadh na bliana chun ligean do dhaltaí taisteal ar bhonn duine amháin i suíochán amháin. Cuireadh líon níos lú de bhusanna breise de chuid Bhus Éireann ar fáil freisin.

Baineadh amach an t-athrú go leanbh amháin in aghaidh an tsuíocháin ag teacht le spriocam an Rialtais don tionscadal.

### Criosanna Sábháilteachta

Tá flít Busanna Scoile Bhus Éireann go hiomlán iarfheistithe le criosanna sábháilteachta ar chaighdeán a chomhlíonann na riachtanais a mbeidh feidhm leo ó Mheán Fómhair na bliana 2008 ar aghaidh.

Chuir Bus Éireann clár amharc-chigireachta náisiúnta ar bun sa bhliain 2006, a raibh saineolaithe neamhspleácha ina bhun, chun caighdeán na gcriosanna sábháilteachta a suiteáladh ar bhusanna go léir na gconraitheoirí a chuireann seirbhísí ar fáil faoin Scéim Iompair Scoile a sheiceáil. Rinneadh tuairim is 4,000 cigireacht ar fheithiclí le linn an chleachtaidh seo.

Rinne Bus Éireann socruithe freisin mar chuid den chlár seo le go ndéanfaí criosanna sábháilteachta a shuiteáil ar thuairim is 50 bus de chuid conraitheoirí agus go ndéanfaí tarraingt-tástáil orthu chun sonraíochtaí a fhorbairt maidir le criosanna sábháilteachta a shuiteáil i mbusanna scoileanna a bhfuil baint acu leis an scéim.

Rinneadh an obair seo go léir i rith na bliana 2006. I mí na Bealtaine 2006, bhí feidhm ó thaobh an dlí leis an gceanglas éigeantach go gcaithfeadh gach paisinéir crios sábháilteachta a chaitheamh nuair a chuirfí ar fáil iad, rud a chiallaigh go gcaithfeadh suíochán do dhuine fásta a bheith ag leanbh ar bhusanna scoile a raibh criosanna sábháilteachta suiteáilte orthu.

Phleanáil agus bhainistigh Bus Éireann an clár seo maidir le hathrú na gcriosanna sábháilteachta roimh an am a leagadh amach dó agus níor cuireadh isteach ar sheirbhísí cé nach raibh feithiclí i seirbhís i rith thréimhse an athraithe.

Ní mór go mbeadh criosanna sábháilteachta suiteáilte ar gach bus scoile de chuid Bhus Éireann agus de chuid conraitheoirí a chuireann seirbhísí ar fáil faoi Scéim Iompair Scoile na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar chaighdeán cuí ag teacht le ceanglas an rialtais, ó Eanáir na bliana 2007.

### Busanna Scoile Nua

I mí Mheán Fómhair 2006, thug Bus Éireann 20 bus scoile nua saintógtha isteach a bhí comhdhéanta de cheithre cineál do chríocha measúnaithe. Bhí an figiúr sin ardaithe go 34 bus scoile nua faoi dheireadh na bliana 2006. Is feithiclí iad seo a bhfuil dath suntasach buí orthu agus a bhfuil criosanna sábháilteachta agus córais CCTV suiteáilte orthu.

### Feachtas Sábháilteachta Il-Mheán

I gcomhar leis an gceanglas éigeantach criosanna sábháilteachta a chaitheamh ó Bhealtaine na bliana 2006, chuir Bus Éireann agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta fógra teilifíse speisialta i dtoll a chéile do leanaí scoile chun iad a spreagadh lena gcrios sábháilteachta a chaitheamh. Ina theannta sin, reáchtáladh feachtas comhchosúil ar an raidió, go háitiúil agus go náisiúnta, agus i bpictiúrlanna a bhí dírithe ar thuismitheoirí den chuid is mó.

Rinne Bus Éireann DVD Sábháilteachta do leanaí a choimisiúnú, a cuireadh i dtoll a chéile i gcomhar leis an



Mórchlár athchóirithe i mBusáras beagnach críochnaithe.

Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le tacaíocht an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Bhí teachtaireachtaí sábháilteachta tábhachtacha ann a chlúdaigh gnéithe éagsúla dá dturas, lena n-áirítear conas iad féin a iompar sula dtéann siad ar an mbus, nuair a bhíonn siad ar an mbus, tar éis dóibh teacht den bhus agus gan cur isteach ar an doras éigeandála. Cuireadh breis agus 4,000 cóip den DVD sin i dtoll a chéile agus scaipeadh ar gach bunscoil agus gach iarbhunscoil in Éirinn iad.

Tugadh 26 feithicil breise a bhfuil rochtain ag cathaoireacha rothaí orthu sa Scéim Iompair Scoile sa bhliain 2006, a thug líon iomlán na bhfeithiclí sin a úsáidtear in aghaidh an lae scoile go 236.

## NA hOIBRÍOCHTAÍ A FHEABHSÚ

### Sábháilteacht agus Bainistiú Riosca

Tá sábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár bhfoirne ríthábhachtach do Bhus Éireann. Tá na bainisteoirí ag leanúint le cultúr sábháilteachta a threisiú tríd an gcuideachta go léir. Lean an chuideachta ag infheistiú in Ardoiliúint Tiománaithe sa bhliain 2006. Athbhreithníonn an chuideachta a córais bainistíochta go rialta agus tugtar cothrom le dáta iad go rialta. Táthar ag leanúint le hacmhainní na cuideachta sa réimse seo a neartú.

### Feabhsúcháin Mhóra ar Stáisiúin Bus

Rinneadh go leor infheistíochta i rith na bliana, i ndáil le stáisiúin bus agus saoráidí custaiméirí a fheabhsú.

#### Busáras

Cuireadh an chéad chéim den mhórobair athchóirithe ar Bhusáras i mBaile Átha Cliath i gcrích i mí na Bealtaine. Rinneadh saoráidí custaiméirí a uasghrádú trí chórais leictreonacha taispeána eolais, measíní díola ticéad agus doirse uathoibríocha a thabhairt isteach. Cuireadh feabhas suntasach ar thimpeallacht fhoriomlán agus ar dhreach an stáisiúin freisin nuair a athchóiríodh urláir agus síleálacha.

#### Stáisiún Bus Thrá Lí

Cuireadh tús le hobair tógála ag deireadh na bliana 2005 agus ceadaíodh an tionscadal a thabhairt ar aghaidh sa bhliain 2006. Cuireadh an tionscadal i gcrích faoi dheireadh na bliana 2006 ar chostas €1.88 milliún.

Ba é cuspóir a bhí leis an tionscadal stáisiún bus nua a thógáil a bheadh go hiomlán inrochtana. Tá gnéithe mar dhoirse uathoibríocha, cosáin le rampaí, lúbchórais éisteachta, leithris inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumais, córais chodarsnachta dhaite, córais iomlána agus leordhóthanacha comharthaí agus mar sin de i gceist ann. Tá bánna ann le haghaidh busanna amháin le go bhféadfaidh ár gcustaiméirí dul isteach agus amach go sábháilte.

#### Stáisiún Bus Luimnigh

Cuireadh isteach iarratas pleanála chun stáisiún bus nua a fhorbairt i Luimneach.

#### Stáisiún Bus Inse

Cuireadh tús lena thógáil go luath sa bhliain 2006 agus cuireadh i gcrích é faoi dheireadh na bliana sin ar chostas €795,000. Tá sé comhdhéanta de shaoráid a athleagadh amach go hiomlán, ina gcuirtear saoráidí cuntair nua ar fáil leis na háiseanna soghluaisteachta agus éisteachta go léir. Tá bealach siúil leathnaithe curtha ar fáil freisin le haghaidh cathaoireacha rothaí agus bugaithe. Tá córas nua bhainistiú sábháilteachta bus le haghaidh gach bus a pháirceáil ionchorpraithe sa leagan amach.

### Uasghrádú Flít

Infheistíodh €16.3 milliún i bhfeabhsúcháin flít i rith na bliana nuair a ceannaíodh 60 cóiste nua-aimseartha den déanamh Scania PB. Fuarthas 18 cóiste le feidhmiú i bhflít CIÉ Tours agus bhí an chuid eile acu ag feidhmiú ar na seirbhísí achar fada.

# Athbhreithniú Oibríochta (ar lean)




## Ardú i nÍocaíochtaí le Fochonraitheoirí

D'íoc an chuideachta breis agus €100.1 milliún le fochonraitheoirí sa bhliain 2006.

Baineann an méid sin le costas busanna a fhruilliú agus costas cothabhála seachtraí busanna.

## INFHEISTIÚ I nDAOINE

### Oiliúint agus forbairt foirne

Chuir an chuideachta cláir oiliúna agus forbartha éagsúla i bhfeidhm i rith na bliana 2006. Leanadh le cláir athnuachana tiománaithe do thiománaithe rialta agus páirtaimseartha i rith na bliana. Bhí tiománaithe rialta rannpháirteach i gclár oiliúna tiománaithe idirghníomhach CD Rom-bhunaithe. Chuir tiomanaithe páirtaimseartha na mbusanna scoile clár ardoiliúna tiománaithe i gcrích. Tá an clár seo á shíneadh anois chuig conraitheoirí scoile. Chuaigh baill foirne eile i mbun clár oiliúna freisin mar an fhoireann cothabhála a bhfuil cúrsaí teicniúla agus cothabhála déanta acu. Táthar ag leanúint le Teastasú an Scoth Trí Dhaoine de chuid FÁS i limistéar Chorcaí.

### Forbairt Bhainisteoirí

Chuir 14 fostaí de chuid Bhus Éireann tús i mí Mheán Fómhair 2006 le Dioplóma i Staidéar Bainistíochta mar chuid den phróiseas scileanna bainistíochta a fhorbairt go leanúnach. Tá an cúrsa seo forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus ag Údarás Eitlíochta na hÉireann agus tacaíonn FÁS leis. Déileáiltear le scileanna bainistíochta praiticiúla chomh maith le teoiric bhainistíochta sa chúrsa agus díríonn sé ar an tionscal iompar tríd is tríd. Tógfaidh sé dhá bhliain an cúrsa a chur i gcrích.

# Stiúrthóirí agus Eolas Eile

## Na Stiúrthóirí amhail an 26 Márta 2007

**An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach**
**T. Honan Uasal**
**K. Byrne Uasal**
**An tUasal J. Byrne**
**An tUasal J. Hegarty**
**An tUasal R. Langford**
**An tUasal J. Moloney**
**An tUasal B. McCamley**

**An Príomhfheidhmeannach**
**An tUasal T. Hayes**

### An Rúnaí agus an Oifig Chláraithe

**A. Keane Uasal**
An Chloch Leathan,
Baile Átha Cliath 7.
Teileafón: 00 353 1 703 3447
Faics: 00 353 1 703 3486
Láithreán Gréasáin: www.buseireann.ie
Uimhir Chláraithe: 119570

### Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Plás Wilton,
Baile Átha Cliath 2.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil i láthair faoi réir a n-oibleagáidí faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2006 de chuid na hÉireann agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986. Ullmhaíodh cuntais na cuideachta agus na nótaí a bhaineann leo, atá mar chuid de na cuntais agus atá san áireamh sa tuarascáil seo, roimh ré faoi réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn.

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is cuideachta bhainistithe iompair é Bus Éireann, arb iad a príomh-ghníomhaíochtaí ná bainistiú agus pleanáil a dhéanamh ar ghréasán lánpháirtithe seirbhísí, ag baint úsáide as a cuid acmhainní féin agus as acmhainní fochonraitheoirí. Clúdaíonn an gréasán lánpháirtithe sin seirbhísí cóistí achar fada, agus seirbhísí busanna áitiúla, tuaithe, coimitéara, cathracha cúige agus bailte móra cúige. Tá an chuideachta freagrach freisin as bainistiú agus soláthar na scéime náisiúnta iompair scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Thaifead an Chuideachta barrachas foriomlán de €2,311,000 tar éis íocaíocht de €26,459,000 i leith Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí a dhéanamh agus tar éis fóirdheontas €4,000,000 a fháil ó CIÉ. D'ardaigh líon na dturas paisinéirí bóthair sa bhliain 2006 le 49.72 milliún turas paisinéirí, leisbhéal nár sroicheadh cheana. D'ísligh líon na dturas scoile ó 43.6 milliún turas sa bhliain 2005 go 42.4 milliún turas sa bhliain 2006.

D'ardaigh láimhdeachas €23.78 milliún go €265 milliún i mbliain chrua trádála mar go raibh níos mó iomaíochta i gceist leis na gnéithe is brabúsaí sa líonra. Tháinig ardú go €122.7 milliún ar phárolla agus costais ghaolmhara i rith na bliana ag teacht leis an ardú sa chomhaontú náisiúnta pá agus ardú i gcostais phinsin fostóirí.

D'ardaigh costais ábhar agus seirbhísí go príomha mar thoradh ar chostais bhreosla agus ar chostais ardaithe chonraitheoirí.

Infheistíodh €16.3 milliún i bhfeabhsúcháin flít i rith na bliana nuair a ceannaíodh 60 cóiste. Fuarthas 18 cóiste le feidhmiú i bhflít CIÉ Tours agus bhí an chuid eile acu ag feidhmiú ar na seirbhísí achar fada.

Tá an Chuideachta ag leanúint lena fócas láidir ar chaighdeán agus ar éifeachtúlacht a seirbhísí a fheabhsú do gach custaiméir. Agus monatóireacht á déanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta, athbhreithníonn na bainisteoirí mar aon le stiúrthóirí na Cuideachta raon de phríomhtháscairí feidhmíochta oibríochta agus airgeadais, go rialta.

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar ghníomhaíocht na Cuideachta don bhliain san Athbhreithniú ar leathanaigh 3 go 10.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 19 go 33. Taispeánann na torthaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 barrachas de €2,311,000 (2005 - Barrachas €3,525,000).

## Rialú Inmheánach agus Bainistiú Riosca

Tá Grúpa Athbhreithnithe Iniúchta i bhfeidhm ag Bord Bhus Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cuntais bhliantúla, na rialuithe inmheánacha agus ar chúrsaí comhlíonta, ar éifeachtacht iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh agus ar bhainistiú riosca. Cothabhálann an chuideachta clár riosca agus déantar uasghrádú air ar bhonn leanúnach le go ndéanfaidh na stiúrthóirí agus na bainisteoirí sinsearacha athbhreithniú air.

Tá Coiste Sábháilteachta Boird agus Coiste Cothabhála Boird ann freisin chun cúrsaí sábháilteachta, cúrsaí cothabhála agus nósanna imeachta a athbhreithniú agus tuairiscíonn siad chuig bord Bus Éireann.

## Rannpháirtíocht Fostaithe

bhí 27 cruinniú ag chomhairlí Comhpháirtíochta áitiúla i 2006, a tionóladh i suímh de chuid na cuideachta ar fud na tíre. Bhí cruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha, atá comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, de Ceannairí Feidhme agus de na hOifigigh Cheardchumainn Náisiúnta lánaimseartha, i mBaile Átha Cliath.

Tionóladh cruinniú den Ardghrúpa, comhdhéanta den Phríomhfheidhmeannach, de na ceannairí feidhme, na hOifigigh Cheardchumainn Náisiúnta lánaimseartha, na Stiúrthóirí Oibrithe agus ionadaí amháin ó gach comhairle áitiúil i rith na bliana.

Is fóram í an Scéim do Chomhpháirtíocht Fiontraíochta ó cuireadh tús léi i 2003, atá thar a bheith fiúntach chun eolas a mhalartú idir na bainisteoirí agus daoine den fhoireann maidir le moltaí agus tograí d'fhorbairt ghnó agus maidir le saincheisteanna eile lena mbaineann buntáistí do chách. Chuidigh na comhairlí áitiúla go praiticiúil leis an bpróiseas comhpháirtíochta.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta folláine a fostaithe a chinntiú trí áit oibre shábháilte a chothabháil agus tríd an reachtaíocht fostaíochta iomchuí a chomhlíonadh, lena n-áirítear an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Bhí cruinnithe ag coiste sábháilteachta Bhord Bhus Éireann, a bunaíodh ag leibhéal fo-bhoird i 2004, roinnt uaireanta i rith na bliana. Déanann an grúpa monatóireacht ar shábháilteacht na cuideachta i gcoinne phlean sábháilteachta bliantúil agus spreagann an grúpa an méid is mó rannpháirtíochta agus is féidir maidir le feasacht sábháilteachta agus maidir le timpistí a chosc sa chuideachta.

## Rialachán CE 2002 (Íocaíocht Mhall)

Admhaíonn na stiúrthóirí a bhfreagracht maidir lena chinntiú, i ngach gné ábhartha, go gcomhlíonfar forálacha Rialachán CE (íocaíocht mhall) 2002. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar fad ar a mbíonn sonraisc dlite a íoc a aithint agus lena chinntiú go ndéanfar íocaíochtaí faoi na dátaí sin. Cuireann nósanna imeachta mar sin dearbhú réasúnach ar fáil i gcoinne neamh-chomhlíonadh ábhartha maidir leis na rialacháin.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Bhí dlúthbhaint ag Bus Éireann leis an Údarás Comhionannais agus le cuideachtaí iompair eile i bhfeachtas in aghaidh aoiseachais. Seoladh an feachtas 'Say No to Ageism' i mí na Bealtaine 2006 agus leanadh leis i rith na bliana. Bhí an feachtas dírithe ar tuiscint níos fearr a bheith ar na bacainní a d'fheadfadh a bheith ann do dhaoine scothaosta agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar iompar poiblí agus obair a dhéanamh a laghad bacainní agus is féidir a bheith ann. Reáchtáladh grúpaí fócais freisin le hoibrithe scothaosta sa chuideachta chun tuiscint níos fearr a fháil ar an timpeallacht oibre mar a fheiceann siadsan í.

Reáchtáladh seimineáir i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge i ndáil le ciníochas agus idirchultúrachas chun tógáil ar an obair a rinneadh i mblianta roimhe sin chun tacú le próifíl éagsúil chustaiméirí agus fhostaithe, próifíl atá méadú.

Bhunaigh Bus Éireann an Grúpa Comhairleach Comhionannais sa bhliain 2006. Is é ról an ghrúpa sin comhairle a thabhairt do Bhus Éireann agus moltaí a dhéanamh leis an gcuideachta maidir le comhionannas agus éagsúlacht i ndáil le polasaithe agus nósanna imeachta ag an obair i dtimpeallacht a bhíonn go síoraí ag athrú. Déantar ionadaíocht ar bhainisteoirí mar aon le ceardchumainn sa ghrúpa agus tá cathaoirleach an ghrúpa neamhspleách.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta ar ghlac na stiúrthóirí leo lena chinntiú go gcloítear le hoibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe a fhostú. Tá na leabhair chuntais á gcoimeád ag Bus Éireann, An Chloch Leathan, Baile Átha Cliath 7.

## Stiúrthóirí

Ceapann Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann le toiliú an Aire Iompair stiúrthóirí na cuideachta. Tá na stiúthóirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2006 leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

An Dr. J.J. Lynch, Cathaoirleach
An tUasal J. Byrne (Athcheaptha 23 Meán Fómhair, 2006)
K. Byrne Uasal (Athcheaptha 1 Meitheamh, 2006)
An tUasal J. Hegarty (Athcheaptha 29 Márta, 2006)
T. Honan Uasal
An tUasal R. Langford
An tUasal J. Moloney (Ceaptha 1 Eanáir, 2006)
An tUasal B. Mc Camley (Ceaptha 1Eanáir, 2006)

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

## Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcuntas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Iniúchóirí

Léirigh na hiniúchóirí, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe a dtoilteanas leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird
**An Dr. J.J. Lynch** Cathaoirleach
**An tUasal R. Langford** Stiúrthóir

# Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Cuideachta agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta don bhliain sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus go bhfuil said ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Tuarascáil na nIniúchóirí

## Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig comhaltaí Bhus Éireann

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 19 go dtí 33.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá freagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme in Éirinn mar aon le caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn mar atá leagtha amach ar leathanach 16 sa Ráiteas d'Fhreagrachtaí na stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainne inniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2006. Luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- ag dáta an chláir chomhardaithe an raibh staid airgeadais ann a d'fhéadfadh a cheangal ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais den sórt sin a bheith ann mura mbíonn glansócmhainní na cuideachta, mar atá luaite i gclár comhardaithe na cuideachta, níos mó ná leath a scairchaipiteal glaoite.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí.

## Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Déantar, mar chuid den iniúchóireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca na cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

## Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2006 agus ar a brabús agus ar a insreabhadh airgid don bhliain dár chríoch amhlaidh, agus gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 13 agus 15 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 22, níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig 2006, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta neamhghnách den chuideachta a thionól.

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

26 Márta 2007

# Príomhpholasaithe Cuntasaíochta

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an nGrúpa:

## (A) Bunús cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2003. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas:

### (i) Feithiclí paisinéirí bóthair

Dímheastar costais stairiúla feithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saoil úsáideacha measta ar bhunús céatadáin atá ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí feadh a saoil. Dímheastar costais stairiúla busanna scoile trí thráthchodanna bliantúla comhionanna thar a saoil úsáideacha measta.

### (ii) Gléasra agus innealra

Dímheastar ranganna na sócmhainní thuas, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostais stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

## (C) Sócmhainní ar léas

### Léasanna oibríochta

Muirearaítear íocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Íocaíochtaí agus Deontais Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

### (i) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí

Déileáiltear le híocaíochtaí Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (ii) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste

Muirearaítear deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

## (F) Airgead coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas ionchais maidir le pinsin a soláthar d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta fostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, agus leas á bhaint as comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag an ráta a mheastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchais seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime.

Déantar soláthar do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus muirearaítear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2006<br>€000 | 2005<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Iocam** | | **265,069** | 241,290 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 1 | **(122,703)** | (113,642) |
| Ábhair agus seirbhísí | 2 | **(159,282)** | (138,241) |
| Dímheas | 3 | **(12,164)** | (11,773) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(294,149)** | (263,656) |
| **Easnamh roimh ús, Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Fóirdheontas CIÉ** | | **(29,080)** | (22,366) |
| Ús infhaighte | | **932** | 691 |
| **Easnamh roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Fóirdheontas CIÉ** | | **(28,148)** | (21,675) |
| Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | 20 | **26,459** | 25,200 |
| **Easnamh roimh Fóirdheontas CIÉ** | | **(1,689)** | 3,525 |
| Fóirdheontas CIÉ | | **4,000** | 0 |
| **Barrachas don bhliain tar éis íocaíochta Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Fóirdheontas CIÉ** | | **2,311** | 3,525 |
| Easnamh carntha ag tús na bliana | | **(1,324)** | (4,849) |
| **Barrachas/(easnamh) carntha ag deireadh na bliana** | | **987** | (1,324) |

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa. Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais aitheanta seachas iad sin a ndéileáiltear leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Thar ceann an bhoird

**Dr. J.J. Lynch,** *Cathaoirleach*

**Mr. R. Langford,** *Stiúrthóir*

# Clár Comhardaithe

| **Amhail an 31 Nollaig** | **Nótaí** | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 4 | **95,192** | 79,873 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 5 | **4,920** | 4,446 |
| Féichiúnaithe | 6 | **56,274** | 52,608 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar lámh | | **901** | 1,180 |
| | | **62,095** | 58,234 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 7 | **(45,598)** | (38,568) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **16,497** | 19,666 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **111,689** | 99,539 |
| **Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear** | 8 | **(45,525)** | (43,197) |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite tar éis bliain amháin) | 7(b) | **0** | (500) |
| **Ioncam Iarchurtha** | 9 | **(29,021)** | (21,010) |
| | | **37,143** | 34,832 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 10 | **29,204** | 29,204 |
| Cúlchiste athsholáthar sócmhainní | 11 | **6,952** | 6,952 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **987** | (1,324) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | 12 | **37,143** | 34,832 |

Thar ceann an bhoird

**Dr. J.J. Lynch,** *Cathaoirleach*

**Mr. R. Langford,** *Stiúrthóir*

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| **Bliain dar chríoch an 31 Nollaig** | **Nótaí** | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | 13(a) | **19,459** | 21,286 |
| **Toradh ar infheistíocht agus seirbhísiú airgeadais** | | | |
| Ús infhaighte | | **932** | 691 |
| | | **20,391** | 21,977 |
| **Caiteachas caipitil** | | | |
| Breiseanna le sócmhainní inláimhsithe | 4 | **(31,926)** | (14,569) |
| Fáltais ó dhiúscairt shócmhainní inláimhsithe | | **103** | 28 |
| Deontais chaipitil a fuarthas | 9 | **12,835** | 3,824 |
| | | **(18,988)** | (10,717) |
| **Insreabhadh roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú** | | **1,403** | 11,260 |
| **Bainistiú ar acmhainní leachtacha** | | | |
| Gluaiseacht i méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta | 13(b) | **(1,182)** | (9,224) |
| **Méadú in airgead tirim** | 13(b) | **221** | 2,036 |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite den chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

| **Réiteach an ghlan-shreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí** | | |
|---|---|---|
| Méadú in airgead tirim sa bhliain | **221** | 2,036 |
| Airgead tirim ó athrú in acmhainní leachtacha | **1,182** | 9,224 |
| **Gluaiseacht i nglanchistí** | **1,403** | 11,260 |
| Glanchistí amhail an 31 Eanáir | **40,382** | 29,122 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | **41,785** | 40,382 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | **105,135** | 99,817 |
| Costais leasa shóisialaigh | **8,736** | 8,159 |
| Costais pinsin eile | **6,158** | 5,732 |
| | **120,029** | 113,708 |
| Costais an chláir athraithe | **2,658** | 0 |
| Obair innealtóireachta do chuideachtaí grúpa | **(113)** | (184) |
| **Glanchostais foirne** | **122,574** | 113,524 |
| | | |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| **Díolaíochtaí** | | |
| - do sheirbhísí mar stiúrthóirí | **78** | 49 |
| - do sheirbhísí eile | **51** | 69 |
| **Iomlán luach saothair na stiúrthóirí agus díolaíochtaí** | **129** | 118 |
| **Párolla agus costais ghaolmhara** | **122,703** | 113,642 |

| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana mar seo a leanas: | **Líon foirne** | |
|---|---|---|
| | **2006** | 2005 |
| Lánaimseartha | **2,216** | 2,211 |
| Tiománaithe bus scoile páirtaimseartha | **540** | 547 |
| Iomlán | **2,756** | 2,758 |

## 2. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Breoslaí agus bealadh | **14,167** | 12,381 |
| Conraitheoirí eile | **100,108** | 80,096 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **309** | 330 |
| Feithiclí léasa oibríochta ar cíos | **720** | 838 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra | **6,515** | 11,071 |
| Rátaí | **717** | 759 |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | **50** | 50 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | **36,696** | 32,716 |
| | **159,282** | 138,241 |

## 3. DÍMHEAS AGUS CAILLTEANAS AR DHIÚSCAIRT SHÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| | **2006** | 2005 |
|---|---|---|
| | **€000** | €000 |
| Dímheas shócmhainní seasta inláimhsithe *(nóta 4)* | **16,425** | 15,384 |
| Caillteanas ar dhiúscairt | **79** | 344 |
| Amúchadh deontais *(nóta 9)* | **(4,340)** | (3,955) |
| | **12,164** | 11,773 |

## 4. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Gléasra Agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir, 2006 | 190,032 | 10,731 | 200,763 |
| Breiseanna | 30,574 | 1,352 | 31,926 |
| Diúscairtí | (13,114) | (435) | (13,549) |
| **Amhail an 31 Nollaig, 2006** | 207,492 | 11,648 | 219,140 |
| **Dímheas** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir, 2006 | 115,793 | 5,097 | 120,890 |
| Muirear don bhliain | 15,140 | 1,285 | 16,425 |
| Diúscairtí | ( 12,946) | (421) | (13,367) |
| **Amhail an 31 Nollaig 2006** | 117,987 | 5,961 | 123,948 |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig, 2006** | 89,505 | 5,687 | 95,192 |
| Amhail an 31 Nollaig, 2005 | 74,239 | 5,634 | 79,893 |

(a) Seo a leanas an fad saoil úsáideach ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímheasa:

| | Saol (Blianta) |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 8 - 14 |
| Gléasra agus innealra | 5 - 10 |

(b) Dímheasadh feithiclí paisinéirí bóthair ag costas €15,331,716 (2005 - €21,967,146) go hiomlán ach táthar fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá €4,754,453 (2005 – €5,166,059) san áireamh ar shócmhainní seasta inláimhsithe amhail an 31 Nollaig, 2006 i ndáil le sócmhainní seasta inláimhsithe nach bhfuil fós i mbun seirbhíse.

## 5. STOIC

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spárála | **3,443** | 3,376 |
| Breoslaí, bealadh agus stoic éagsúla | **1,477** | 1,070 |
| | **4,920** | 4,446 |

Áirítear sna méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna a choimeádtar go riachtanach chun riachtanais oibríochta fadtéarmacha a chomhlíonadh. Níl luach athsholáthair stoc ró-éagsúil óna leabharluach.

## 6. FÉICHIÚNAITHE

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **2,335** | 2,572 |
| An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | **8,855** | 6,329 |
| Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta *(nóta 13(b))* | **41,384** | 40,202 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **3,700** | 3,505 |
| | **56,274** | 52,608 |

## 7. CREIDIÚNAITHE

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Méideanna dlite laistigh den bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | **15,722** | 12,216 |
| Ioncam le cáin asbhainte faoi ÍMAT | **1,319** | 1,256 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasta | **1,156** | 1,173 |
| Cáin bhreisluacha agus cáin eile | **1,057** | 724 |
| Creidiúnaithe eile | **1,644** | 1,595 |
| Fabhruithe | **9,754** | 7,642 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 8)* | **9,000** | 8,500 |
| Ioncam Iarchurtha *(nóta 9)* | **5446** | 4,962 |
| Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta | **500** | 500 |
| | **45,598** | 38,568 |
| Tá creidiúnaithe do chánachas agus do leas shóisialta san áireamh thuas | **3,532** | 3,153 |
| **(B) Méideanna dlite tar éis bliain amháin** | | |
| Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta | **0** | 500 |

## 8. SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS MUIREAR

| | 2006<br>€000 | 2005<br>€000 |
|---|---|---|
| **Éilimh Dliteanais ón Tríú Páirtí & ó Fhostóirí** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **51,697** | 46,518 |
| Úsáid i rith na bliana | **(3,687)** | (5,892) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | **6,515** | 11,071 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh an 31 Nollaig, 2006** | **54,525** | 51,697 |
| **Cionaithe:** | | |
| Dliteanais reatha *(nóta 7)* | **9,000** | 8,500 |
| Méideanna dlite tar éis bliain amháin | **45,525** | 43,197 |
| | **54,525** | 51,697 |

**Éilimh dliteanais ón tríú páirtí agus ó fhostóirí**
Muirearaítear aon chailliúntí nach gclúdaítear le hárachas seachtrach chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite agus tá méideanna nach bhfuil socraithe san áireamh i soláthairtí do dhliteanais agus muirir.

**(A) Clúdach Árachais Seachtrach**
Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) (i) €2,000,000 i gcás iompar bóthair eile ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar aon eachtra iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás éilimh faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gurb os cionn US$3,300,000 é.

(ii) Dliteanas Oibreoirí Turais don Ghrúpa le slánaíocht €2,000,000 maidir le haon eachtra amháin agus ar an iomlán, faoi réir farasbarr de €250,000.

(iii) Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe mar thoradh ar eachtraí Rioscaí Eile, ach amháin;

(a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath i gcás damáiste ó thuilte, áit gurb os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é, agus

(b) aon dhamáiste eile ó thuilte áit gur os cionn €250,000 é.

(iv) Dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €11,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2006 go dtí Márta 2007, faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe Grúpa fhoriomlán de €27,000,000.

(v) €10,000,000 an clúdach Dliteanais Phoiblí Sceimhlitheoireachta don Ghrúpa faoi réir na farasbairr chuí sa chatagóir eachtra.

(vi) Is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán árachas dliteanais comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2006 go dtí Márta 2007, do Dhliteanais Tríú Páirtí iompair ráille agus bóthair agus Rioscaí Eile.

(vii) Gach Baol, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúntí, le farasbarr bliantúil gan dul thar €5,000,000 in iomlán.

(viii) €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farasbarr de €500,000 i ndáil le hiarnróid agus rothra bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile, do gach uile cheann de na caillteanais.

## 8. SOLÁTHAIRTÍ LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS MUIREAR *(ar leanúint)*

**(B) Soláthar d'Éilimh ón Tríú Páirtí agus ó Fhostóirí agus Aisghabhálacha Gaolmhara**

Soláthraítear ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don Ghrúpa. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar trí éilimh a shocrú. Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena nochtuithe éileamh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí éileamh a bhunú, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Agus costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha á ríomh, úsáideann an Grúpa teicnící meastacháin éagsúla, bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fhéadfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an nGrúpa ar imthosca timpistí mar a thuairiscítear iad, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir leis an gcostas a bhain le héilimh le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin a shocrú. Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don Ghrúpa, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi ócáid an éilimh. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán, dá bhrí sin, ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus na torthaí deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthairtí d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe nuair is féidir gnóthachain mar sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á tabhairt ar fhógra ó bhróicéirí an Ghrúpa maidir le haon athárachóirí in athrith.

## 9. IONCAM IARCHURTHA

Tá an cuntas seo comhdhéanta de dheontais neamh-inaisíoctha ón AE agus ón Státchiste a chuirfear chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a dhéantar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (polasaí cuntasaíochta E).

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Deontais Chaipitil** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **25,972** | 26,103 |
| Faighte agus infhaighte | **12,835** | 3,824 |
| Aistriú chuig cuntas brabúis agus caillteanias | **(4,340)** | (3,955) |
| Iarmhéid tugtha chun cinn | **34,467** | 25,972 |
| Lúide aistriú chuig dliteanais reatha *(nóta 7)* | **(5,446)** | (4,962) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **29,021** | 21,010 |

## 10. SCAIRCHAIPITEAL

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **40,632** | 40,632 |
| **Leithroinnte, glaoite agus láníoctha:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **29,204** | 29,204 |

## 11. CÚLCHISTE ATHSHOLÁTHAIR SÓCMHAINNÍ

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **6,952** | 6,952 |

## 12. RÉITEACH GLUAISEACHTA I GCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | **2,311** | 3,525 |
| Cistí tosaigh sealbhóirí gnáthscaireanna | **34,832** | 31,307 |
| **Cistí deiridh sealbhóirí gnáthscaireanna** | **37,143** | 34,832 |

## 13. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Réiteach easnamh oibríochta chuig glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | |
| Easnamh oibríochta roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Fóirdheontas CIÉ | **(29,080)** | (22,366) |
| Íocaíocht oibleagáide seirbhíse poiblí agus Fóirdheontas CIÉ | **30,459** | 25,200 |
| | **1,379** | 2,834 |
| Dímheas agus caillteanas ar dhiúscairt shócmhainní seasta inláimhsithe | **16,504** | 15,728 |
| Deontais chaipitil a amúchadh | **(4,340)** | (3,955) |
| (Méadú) ar stoic | **(474)** | (36) |
| (Méadú)/Laghdú ar fhéichiúnaithe | **(2,483)** | 395 |
| Méadú ar chreidiúnaithe | **6,045** | 1,140 |
| Méadú ar sholáthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | **2,828** | 5,180 |
| **Glan insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **19,459** | 21,286 |

## 13. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID *(ar lean)*

| **(B) Anailís ar athrú i nglanchistí** | **Amhail an 1 Eanáir 2006 €000** | **Sreabhadh €000** | **Amhail an 31 Nollaig 2006 €000** |
|---|---|---|---|
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | **1,180** | **(279)** | **901** |
| Iasacht ón gcuideachta shealbhaíochta | **(1,000)** | **500** | **(500)** |
| Méideanna dlite den chuideachta shealbhaíochta | **40,202** | **1,182** | **41,384** |
| | **40,382** | **1,403** | **41,785** |

## 14. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA OIBRÍOCHTA

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Rachaidh tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chur ar ceal a bheidh iníoctha sa bhliain seo romhainn in éag mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **0** | 11 |
| Idir bliain amhain agus cúig bliana | **141** | 148 |
| | **141** | 159 |

## 15. PINSIN

Tá móramh d'fhostaithe an Ghrúpa rannpháirteach i scéimeanna pinsin sochair sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a oibrítear d'fhostaithe incháilithe gach ceann de chuideachtaí CIÉ. Infheistítear ranníocaíochtaí ón gcuideachta agus ó na fostóirí i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe.

Cuirtear ranníocaí chuig na scéimeanna chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na bpinsean a scaipeadh de réir mar a thabhaítear iad i rith shaol oibre na bhfostaithe leis an nGrúpa mar chéatadán cobhsaí den phá ionchasach amach anseo. Cinneann achtúire neamhspleách na ranníocaí chuig an scéim ar bhunús athbhreithnithe bliantúla ag baint úsáide as modh aonaid theilgthe

Cé gur scéimeanna sochair shainmhínithe iad na scéimeanna, níl ar chumas na cuideachta a scair de na sócmhainní bunúsacha agus de dhliteanas na scéimeanna a shainaithint. Léirigh staid achtúireach na scéimeanna amhail an 31 Nollaig, 2006, ag baint úsáide as na boinn a éilítear le FRS 17 easnamh de €224.7 milliún. Tá na mionsonraí a éilíonn Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais 17 (Sochair Scoir) i ndáil leis na scéimeanna i gcuntais Chóras Iompair Éireann.

## 16. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh do | **7,654** | 23,553 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do | **4,221** | 3,762 |
| | **11,875** | 27,315 |

## 17. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na forálacha atá déanta sna ráitis airgeadais.

## 18. GLAN BHARRACHAS/EASNAMH DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

### SEIRBHÍSÍ POIBLÍ

| 2006 | Iompar tráchtála agus scoileanna €000 | Iompar Céime €000 | Cathair €000 | Fo-iomlán €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Ioncam | 199,211 | 41,525 | 24,333 | 65,858 | 265,069 |
| Costais | 191,968 | 65,575 | 35,674 | 101,249 | 293,217 |
| Barrachas/(easnamh) roimh íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | 7,243 | (24,050) | (11,341) | (35,391) | (28,148) |
| Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | | | | 26,459 | 26,459 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain roimh fóirdheontas CIÉ** | 7,243 | | | (8,932) | (1,689) |
| Fóirdheontas CIÉ | | | | 4,000 | 4,000 |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | 7,243 | | | (4,932) | 2,311 |
| **2005** | | | | | |
| Barrachas/(easnamh) | 7,656 | | | (4,131) | 3,525 |

Oibríonn an chuideachta gníomhaíochtaí tráchtála, iompair scoileanna agus seirbhíse poiblí. Is í an phríomhghníomhaíocht a oibrítear ar bhonn tráchtála ná Expressway. Oibrítear an scéim Iompair Scoileanna faoi chonradh leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar bhonn aisghabhála costais. Is iad na príomhghníomhaíochtaí eile ná Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach a bhfaigheann an chuideachta íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí i leith na gníomhaíochtaí seirbhíse poiblí sin. Déantar costais do Expressway, Iompar Céime agus Seirbhísí Cathrach a leithroinnt ar bhonn méadrach, díorthaithe ó chostais iarbhíre i dtréimhse roimhe sin, staidéir neamhspleácha ar oibríochtaí Bhus Éireann, an líon busanna agus míleáiste.

## 19. PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitéis arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil quantum na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Faisnéisiú Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbheartaíochtaí idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 20. ÍOCAÍOCHT OIBLEAGÁIDE SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba €26,459,000 a bhí san Oibleagáid Seirbhíse Poiblí iníoctha leis an gcuideachta tríd an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2006 (2005 - € 25,200,000).

## 21. COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Éireann - Irish Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

## 22. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 26 Márta 2007.